Conas an Clár Carthanas a nuashonrú

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator



Is féidir go mbeidh ar do charthanas an clár a nuashonrú trína sheoladh nua, a uimhir theileafóin nua nó a shonraí bainc nua a iontráil ar an gclár nó chun iontaobhaithe carthanais a chur leis nó a scriosadh.

Ní féidir leat an clár a nuashonrú agus do thuarascáil bhliantúil a chur isteach ach amháin trí úsáid a bhaint as foirmeacha inár dtairseach ar líne. Teastaíonn cuntas custaiméara uait chun an tairseach ar líne a rochtain.

3 chéim shimplí chun an Clár a nuashonrú

1 Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin

Tabhair cuairt ar www.charitiesregulator.ie agus téigh chuig an gcnaipe **Logála Isteach**.

2 Sínigh isteach

Iontráil d'ainm logála isteach agus cliceáil ar **'Logáil Isteach'**. Mura bhfuil d'ainm logála isteach nó do phasfhocal ar eolas agat nó mura bhfuil cuntas custaiméara agat, léigh an ghrafaic faisnéise chabhrach uainn dar teideal **'Conas Logáil Isteach i do Chuntas Custaiméara'**.

A luaithe atá tú i do chuntas, cliceáil ar ainm an charthanais agus roghnaigh an fhoirm ar líne atá oiriúnach do do riachtanais ar thaobh na láimhe deise den scáileán.

3 Roghnaigh an Fhoirm cheart

Tá cineálacha difriúla foirmeacha ar líne ann, mar atá mínithe thíos. Is gá duit an fhoirm atá oiriúnach do do riachtanais a roghnú. Déanfaidh an Rialálaí Carthanas an fhoirm ar líne a phróiseáil agus a fhíorú.

Teideal na Foirme	Cuspóir na Foirme
Iontaobhaithe, Baint agus Comhairleoirí Seachtracha a Chothabháil	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iontaobhaithe carthanais a nuashonrú, a scriosadh nó a chur leis nó chun faisnéis a bhaineann le baint agus comhairleoirí seachtracha a nuashonrú
Sonraí Teagmhála agus Láithreacha Oibriúcháin a Chothabháil	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin do charthanais a nuashonrú
Comhdaitheoir Údaraithe	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun duine a cheadú cuntas custaiméara a bhunú agus foirmeacha a chomhdú don charthanas
Stádas Comhlíonta an Chóid Rialachais do Charthanais a Chothabháil	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun do stádas maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais a nuashonrú
Athrú Ainm	Bain úsáid as an bhfoirm seo má tá tú ag iarraidh d'ainm a athrú
Cuntas Bainc a Chothabháil	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun do chuntas bainc a nuashonrú
Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun cruinnitheoirí airgid a chur leis nó a scriosadh
Athrú ar Dheireadh na Bliana Airgeadais	Bain úsáid as an bhfoirm seo chun deireadh do bhliana airgeadais a athrú